



PREASEISIÚINT Uimh. 151/23

Lucsamburg, 28 Meán Fómhair 2023

Tuairim an Abhcóide Ghinearálta i gCás C-470/21 | La Quadrature du Net agus Páirtithe Eile (Sonraí pearsanta agus an comhrac i gcoinne sárú cóipchirt)

Abhcóide Ginearálta Szpunar: ba cheart coinneáil agus rochtain ar shonraí aitheantais shibhialta atá nasctha leis an seoladh IP a úsáidtear a cheadú i gcás inarb iad na sonraí sin an t-aon mhodh imscrúdaithe lenar féidir déantóirí cionta a rinneadh go heisiach ar an idirlíon a shainaithint

Dar leis, tá an sásra freagartha céimnithe arna sholáthar ag an údarás riaracháin atá freagrach as cóipcheart a chosaint sa Fhrainc comhoiriúnach le ceanglais dhlí an Aontais maidir le cosaint sonraí pearsanta.

Tugadh Tuairim an lae inniu mar chuid d'athoscailt na n-imeachtaí sa chás seo. Ar iarraidh ón Mór-Dhlísheomra, [chinn](#) an Chúirt an cas a tharchur chuig an gCúirt Iomlán agus ceisteanna a chur le haghaidh freagra ó bhéal ag éisteacht an 15 agus an 16 Bealtaine 2023. Thug an Chéad Abhcóide Ginearálta Maciej Szpunar a Thuairim den chéad uair an 27 Deireadh Fómhair 2022 (féach preaseisiúint Uimh. [172/22](#)).

Tá sé mar chúram ag an Ard-Údarás um Scaipeadh na Saothar agus um Chearta a Chosaint ar an idirlíon (HADOPI)¹ sa Fhrainc, a áirithiú go n-urramófar cearta maoine. I gcás ina mbraitear sárú cóipchirt ag úsáideoir idirlín, seolann Hadopi moladh chuige ag ordú dó staonadh ó aon sárú nua, agus rabhadh nua ina dhiaidh sin i gcás go ndéantar an sárú arís. Mura dtugtar aird ar an gcéad dá rabhadh agus go dtarlaíonn an tríú sárú, féadfaidh HADOPI an t-ábhar a tharchur chuig an údarás breithiúnach inniúil d'fhonn imeachtaí coiriúla a thionscnamh.

Glactar leis sa chóras freagartha sin gur féidir le Hadopi déantóir an tsáraithe a aithint chun na moltaí sin a sheoladh chuige. Chuige sin, ceadaíonn foraithe a glacadh in 2010 do Hadopi teagmháil a dhéanamh le hoibreoirí cumarsáide leictreonaí ionas go gcuirfidh siad sonraí aitheantais shibhialta an úsáideora dá sanntar an seoladh IP a úsáidtear chun an sárú a dhéanamh ar fáil dóibh.

Thug ceithre chumann chun cearta agus saoirsí ar an Idirlíon a chosaint cás cúirte ag cur i gcoinne ghlacadh na foraithe sin. Fiafraíonn an Conseil d'État den Chúirt an bhfuil bailiú sonraí aitheantais shibhialta a fhreagraíonn do sheoltaí IP, chomh maith le próiseáil uathobrithe na sonraí sin, chun sáruithe ar chearta maoine intleachtúla a chosc, gan grinnschrúdú roimh ré ó chúirt nó eintiteas riaracháin, comhoiriúnach le dlí an Aontais.

Ina Thuairim a tugadh inniu, tá an Chéad Abhcóide Ginearálta Szpunar den tuairim **nach gcuireann** dlí an Aontais bac ar sholáthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí seoltaí IP agus sonraí aitheantais shibhialta comhfhreagracha a choinneáil, agus rochtain a bheith acu orthu ag údarás riaracháin atá freagrach as cosaint cóipchirt i gcoinne sáruithe ar na cearta sin a dhéantar ar an idirlíon.

¹ An 1 Eanáir 2022, rinneadh an tÚdarás um Rialú Cumarsáide Closamhairc agus Digití (Arcom) den Ardchomhairle Chlosamhairc (CSA) agus Hadopi. Baineann na fíricí atá i gceist, áfach, le gníomhaíocht Hadopi.

Measann an tAbhcóide Ginearálta **nach gceadaíonn an seoladh IP, aitheantas sibhialta úinéir na rochtana ar an idirlíon agus an fhaisnéis a bhaineann leis an saothar atá i gceist conclúidí beachta a tharraingt faoi shaol príobháideach an duine a líomhnaítear gur sháraigh sé cóipcheart.** Ní léirítear ann ach go raibh rochtain aige ar ábhar uair amháin ar ábhar nach bhféadfaí próifíl mhionsonraithe a chruthú ar an duine lena mbaineann, bunaithe ar an méid sin amháin.

Is é is cuspóir don bheart sin a chur ar chumas an údaráis sin sealbhóirí na seoltaí sin **a shainaithint** a bhfuil amhras fúthu go bhfuil siad freagrach as na sáruithe agus a chur ar a chumas gníomhú, más gá, ina leith. Thairis sin, **ní gá** rochtain den sórt sin a bheith faoi réir grinnscrúdú roimh ré ó chúirt nó comhlacht riaracháin neamhspleách. Is iad na sonraí sin **an t-aon mhodh imscrúdaithe** lena bhféadfar an duine dár sannadh an seoladh sin a shainaithint tráth a rinneadh an cion.

Cuireann sé béim ar an bhfóras nach aisiompú é seo ar an gcásdlí atá ann cheana ach forbairt phragmatach ar an gcásdlí sin, a fhágann gur féidir teacht ar réiteach beachtaithe in imthosca sonracha atá an-teoranta. Ina thuairim, eascraíonn an anailís sin as **cothromú a dhéanamh ar na leasanna éagsúla lena mbaineann**, i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, lena dtugtar **bonn cirt le cásdlí** na Cúirte a bheachtú maidir le coinneáil sonraí agus rochtain ar shonraí amhail seoltaí IP mar aon le sonraí aitheantais sibhialta chun saoirse ó phionós chórasach a sheachaint i leith cionta a dhéantar ar líne amháin.

NÓTA : Níl Tuairim an Abhcóide Ginearálta ceangailteach ar an gCúirt Bhreithiúnais. Is é cúram na nAbhcóidí Ginearálta réiteach dlíthiúil a mholadh don Chúirt, go hiomlán neamhspleách, ar an gcás a sannadh orthu. Tá Breithiúna na Cúirte anois ag cur tús lena bpléití sa chás seo. Tabharfar breithiúnas ar dháta níos déanaí.

NÓTA : Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóide os a gcomhair, ceisteanna maidir le léiriú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid na Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid náisiúnta. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir leis an mbreith ón gCúirt Bhreithiúnais. Tá an bhreith sin ina ceangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear [téacs iomlán](#) na tuairime ar shuíomh gréasáin CURIA ar lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ☎ (+352) 4303 3355

Tá íomhánna de léamh na Tuairime ar fáil ar [“Europe by Satellite”](#) ☎ (+32) 2 2964106.

Bígí nasctha!

